An Príomh-Oide/Bord Bainistíochta.

Foirm Ráiteas Tinrimh a chur isteach le linn na Tréimhse Srianta Covid-19 reatha

A Phríomhoide, a chara,

I bhfianaise an cháis atá ag teacht chun cinn mar thoradh ar COVID-19, agus chun a chinntiú go bhfaighfear Foirmeacha Ráiteas Tinrimh le haghaidh Deontais Iompair Speisialta do theaghlaigh a bhfuil deontas ceadaithe dóibh faoi théarmaí na Scéime Iompair Scoile do Leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu agus go leanfar le híocaíochtaí deontais a phróiseáil le linn na tréimhse srianta seo; tá an Roinn ag cur próiseas malartach ar siúl chun iad seo a chur i gcrích.

Iarraimid ar scoileanna Foirm Ráiteas Tinrimh a chomhlánú i bhformáid leictreonach thar ceann tuismitheoirí/caomhnóirí a bhfuil Deontas Iompair Speisialta (DIS) ceadaithe dóibh. Ní bheidh aon ghá, mar a tharla sna blianta roimhe seo, Foirmeacha Ráiteas Tinrimh aonair a chomhlánú i leith na leanaí faoi chaibidil.

Is féidir an fhoirm, agus í comhlánaithe, a chur ar ais trí ríomhphost chuig stgtransport@education.gov.ie.

1. **Comhlánaigh an "Fhoirm Ráiteas Tinrimh DIS" atá ceangailte. Tá sí ar fáil ó shuíomh gréasáin na Roinne freisin.**

2. **Comhlánaigh an fhoirm tinrimh d'aon leanaí i do scoil a bhaineann leas as an Deontas Iompair Speisialta.**
   Líon isteach ainm agus seoladh gach linbh, ainm a t(h)uismitheoirí agus líon na laethanta a d'fhreastail gach leanbh ar an scoil ó **27ú Lúnasa 2019 – 12ú Márta 2020.**
   Cuirfear aon tuismitheoir a bhfuil íocaíocht faighte aige/aici cheana féin maidir le cuid den bhliain seo san áireamh ar ár gcóras.
   Cinntigh, le do thoil, gurb é an seoladh a thaispeántar seoladh ceart an teaghlaigh.

3. **Seol an chóip chomhlánaithe den bhFoirm Tinrimh DIS chuig an Seoladh Ríomhphoist Tiomnaithe.**
   Ba chóir an Fhoirm Ráiteas Tinrimh DIS, agus í comhlánaithe, a sheoladh chuig seoladh ríomhphoist tiomnaithe na Rannóige Iompair Scoile stgtransport@education.gov.ie Dé hAoine 17ú Iúil nó roimhe.

Má tá aon cheist agat maidir leis an bpróiseas seo, seol ríomhphost chuig stgtransport@education.gov.ie.

An Rannóg Iompair Scoile, an Roinn Oideachais agus Scileanna
10ú Meitheamh, 2020